An Coimisiún Eorpach



# Scileanna a fhorbairt don mhargadh saothair

## Conclúidí Ríge

### Comhar Eorpach sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, 2015-2020

Teastaíonn scileanna ardcháilíochta ó dhaoine chun ról gníomhach a ghlacadh i margadh saothair na hEorpa sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí. Tríd an ngairmoideachas agus an ngairmoiliúint (GG) a nuachóiriú, cuirfear ar a gcumas na scileanna cearta a fhorbairt i rith a saoil ag baint leasa as conairí foghlama solúbtha.

I ngeilleagar domhanda atá ag athrú go gasta, má dhéantar scileanna a chothú agus úsáid mhaith a bhaint astu, dearbhóidh siad ár gcumas, go méid suntasach, nuálaíocht agus fás a spreagadh agus ár múnla sóisialta a chothú. Ní mór don Eoraip na scileanna cearta a sholáthar dá pobal ionas go mbeidh ról gníomhach acu sa mhargadh saothair agus sa tsochaí. Cuireadh an Clár Scileanna Nua don Eoraip ar aghaidh mar chúnamh ar leibhéal AE, chun treoir a thabhairt don díospóireacht beartais seo agus réimsí cinnte le haghaidh gnímh agus comhair a chur ar fáil do na Ballstáit.

Maidir le scileanna don mhargadh saothair, tá an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint (GG) an-úsáideach ar fad. Léirítear le réamhaisnéisí i roinnt Ballstát go mbeidh easnamh daoine amach anseo a mbeidh scileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna acu. Mar sin féin, níl sa ghairmoideachais ná sa ghairmoiliúint ach an dara rogha do go leor daoine óga agus dá dtuismitheoirí, agus ní thairgtear deiseanna breise forbartha scileanna ach do líon beag oibrithe. Ní bheidh an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint níos mealltaí go dtí go mbeidh muinín ag daoine as na torthaí a bheidh air agus má sholáthraítear níos mó deiseanna leis le haghaidh taithí oibre agus socrúchán thar lear d'fhoghlaimeoirí. Ba cheart do dhaoine a leanann cláir dá leithéid aitheantas a fháil ar na scileanna a bhaineann siad amach, agus ba cheart dóibh siúd a fhaigheann cáilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna bheith ábalta dul ar aghaidh go dtí leibhéil níos airde oideachais nó oiliúna. Teastaíonn dlúth-chomhpháirtíochtaí maidir leis sin sa réimse gnó, ardoideachais agus taighde.

# Conclúidí Ríge: 5 sprioc chun feabhas a chur ar ghairmoideachas agus ar ghairmoiliúint

Faoi Phróiseas Chóbanhávan, tháinig na hAirí atá freagrach as forbairt scileanna gairme ó gach Ballstát AE, gach Tír is Iarrthóir AE agus gach tír LEE le chéile i Ríge an 20 Meitheamh 2015, in éineacht le Comhpháirtithe Sóisialta na hEorpa (ETUC, BUSINESSEUROPE, UEAPME, CEEP) agus an Coimisiún Eorpach. Chomhaontaigh siad Conclúidí Ríge le chéile, lena leagtar amach na "cúig sprioc inghnóthaithe mheántéarmacha maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint". Tá na bunspriocanna inghnóthaithe sin ina mbonn den chlár chun gairmoideachas agus gairmoiliúint a nuachóiriú thar an tréimhse 2015-2020.



## 1 Foghlaim atá bunaithe ar an obair de gach aon saghas a chur chun cinn, ag díriú go speisialta ar phrintíseachtaí, trí thabhairt ar chomhpháirtithe sóisialta, cuideachtaí, comhlachais agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a bheith páirteach inti, agus tríd an nuálaíocht agus tríd an bhfiontraíocht a spreagadh.

Tá sé léirithe go bhfuil foghlaim atá bunaithe ar obair an-éifeachtach maidir le scileanna a bhaineann leis an margadh saothair a fhorbairt, lena n-áirítear scileanna boga chomh maith le scileanna a bhaineann le cineálacha éagsúla timpeallachtaí oibre. Ach mar sin féin, ní fhreastalaíonn ach 25 % de mhic léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna tosaigh ar chláir atá bunaithe ar obair. Is léir go bhfuil gá le tuilleadh printíseachtaí ar ardchaighdeán agus le tuilleadh foghlama atá bunaithe ar an obair. Teastaíonn comhpháirtíochtaí idir institiúidí oideachais agus oiliúna agus gnólachtaí agus eagraíochtaí an mhargaidh shaothair ina leith sin. Cuireann an Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí agus an Comhaontú Eorpach um an Óige comhpháirtíochtaí dá leithéid chun cinn.

Tugann an Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha le chéile chun cáilíocht, soláthar agus íomhá na bprintíseachtaí san Eoraip a fheabhsú.
**http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1147&langId=ga**

Tacaíonn an Comhaontú Eorpach um an Óige le hinfhostaitheacht daoine óga, trí chomhpháirtíochtaí idir na páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha ábhartha.
**http://www.csreurope.org/pactforyouth**

## 2 Sásraí dearbhaithe cáilíochta i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fhorbairt tuilleadh ar aon dul le Moladh EQAVET agus, mar chuid de na córais dearbhaithe cáilíochta, lúba leanúnacha faisnéise agus aiseolais a bhunú i gcórais I-VET agus C-VET bunaithe ar thorthaí foghlama.

Ar fud tíortha agus earnálacha, ní mór d'fhostóirí muinín a bheith acu go bhfuil na scileanna a thaispeánann oibrithe ina gcáilíochtaí acu i ndáiríre. Dá bhrí sin, ní mór cáilíocht a dhearbhú i ngach céim de ghairmoideachas agus de ghairmoiliúint — dearadh, teagasc, measúnú, bailíochtú agus deimhniú — lena chinntiú go mbeidh torthaí maithe ann, do GG tosaigh (I-VET) agus GG leanúnach (C-VET). Tá



uirlis EQAVET á forbairt chun tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do cháilíocht na foghlama bunaithe ar obair agus C-VET chun torthaí ceirde GG a rianú.

Gréasán le haghaidh comhair Eorpaigh is ea EQAVET maidir le dearbhú cáilíochta a fhorbairt i GG ag baint úsáide as an gcreat tagartha Eorpach. **www.eqavet.eu**



## 3 Feabhas a chur ar rochtain ar GG agus ar cháilíocht do chách trí chórais níos solúbtha agus níos oscailte, go sonrach trí sheirbhísí treorach éifeachtacha agus cuimsitheacha a thairiscint agus tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a bhailíochtú.

Tá rogha leathan ag daoine inniu maidir lena scileanna a fhorbairt, idir ionaid ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus chúrsaí ar an idirlíon, obair, obair dheonach agus eispéiris saoil eile. Chun go mbainfidh daoine an leas is fearr as deiseanna, caithfidh na dálaí cearta bheith i bhfeidhm; ba cheart scileanna, beag beann ar conas a baineadh amach iad, a mheasúnú, a bhailíochtú agus a áireamh i gcomhair cáilíochta. Tríd an moladh maidir le bailíochtú na foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí, tacóidh seirbhís Europass agus uirlis ECVET le conairí foghlama oscailte agus solúbtha.

Sa Chreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF) sainítear ocht leibhéal maidir le torthaí foghlama, ionas gur féidir cáilíochtaí ar fud tíortha agus earnálacha a chur i gcomparáid lena chéile agus a thuiscint ar bhealach níos fearr.

Tá tairseach Europass á forbairt, mar chuid den Chlár Scileanna, chun seirbhísí ar líne eile ina gcumhdaítear scileanna agus cáilíochtaí a chuimsiú inti.

Creat Eorpach creidmheasanna do GG is ea ECVET a thacaíonn le conairí foghlama solúbtha. **www.ecvet-secretariat.eu**

Sa **Mholadh maidir le bailíochtú na foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta**, déantar glao ar shocruithe náisiúnta lena mbeidh daoine aonair ábalta iarraidh go ndéanfaí scileanna a bhaintear amach lasmuigh den oideachas institiúideach a bhailíochtú.



## 4 Borradh breise a chur ar fáil do phríomhinniúlachtaí i gcuraclaim an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus deiseanna níos éifeachtaí a thairiscint chun na scileanna a bhaint amach nó a fhorbairt trí I-VET agus C-VET.

Ag deireadh an oideachais agus na hoiliúna atá éigeantach, ba chóir go mbeadh príomhshraith scileanna bainte amach ag gach duine ar aon dul leis na hocht bpríomhinniúlacht le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil. Tá siad sin ina gcuid de bhreisfhoghlaim ar bith agus de shaol gníomhach i sochaí agus i margadh saothair an lae inniu. Ba cheart a chinntiú le cláir GG tosaigh go bhforbróidh a gcéimithe, de bhreis ar scileanna gairme sainiúla, na príomhinniúlachtaí go léir, lena n-áirítear scileanna digiteacha agus scileanna fiontraíochta agus scileanna dírithe ar an nuálaíocht. Tá siad sin riachtanach agus úsáideach agus daoine ag dul tríd a ngairmeacha. Le cuidiú dul i ngleic leis an gceist sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ar phríomhinniúlachtaí an chreata Eorpaigh faoin gClár Scileanna Nua don Eoraip.

Mar chuid den Chlár Scileanna, mhol an Coimisiún Ráthaíocht Scileanna chun deis a sholáthar d'aosaigh ísealcháilithe, lena n-áirítear imircigh nua-thagtha, cur le leibhéal a mbunscileanna — scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha — agus le leibhéal na bpríomhinniúlachtaí ar fad b'fhéidir. **http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1224&langId=en**

KE-02-16-623-GA-N



## 5 Cuir chuige chórasacha a thabhairt isteach maidir le forbairt ghairmiúil tosaigh agus leanúnach do mhúinteoirí, d'oiliúnóirí agus do mheantóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna i suíomhanna oideachais agus i dtimpeallachtaí bunaithe ar obair araon, agus deiseanna a sholáthar chuige sin.

Tá cáilíocht múinteoirí, oiliúnóirí agus meantóirí fós ina fachtóir ríthábhachtach agus cá mhéad agus cé chomh maith a fhorbraíonn daoine scileanna trí oideachas agus oiliúint á dhearbhú. Tá an dea-theagasc ina ghné riachtanach sa mheascán as a dtagann torthaí maithe. Tá ról mór ag foirne teagaisc chomh maith maidir le foghlaimeoirí a spreagadh agus a threorú, chun iad a spreagadh chun oibriú i dtreo leibhéil níos airde cáilíochta nó raon a n-inniúlachtaí a fhairsingiú.

Cuir chuige éifeachtacha is ea iad dea-chleachtais agus foghlaim fhrithpháirteach a mhalartú chun tacú le Ballstáit le cáilíocht múinteoirí agus oiliúnóirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a ardú, agus féachaint go sonrach le feabhas a chur ar fhoghlaim atá bunaithe ar obair agus ar phrintíseachtaí.

### CUNTAS A CHOINNEÁIL AR AN DUL CHUN CINN

Déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna inghnóthaithe meántéarmacha le tacú ó Cedefop, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna, a dhéanann anailís ar fhorbairtí Eorpacha agus náisiúnta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, agus ETF, an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna, a th acaíonn le forbairt caipitil dhaonna i dtíortha idirlinne.

### Tuilleadh eolais

Gairmoideachas agus gairmoiliúint (an Coimisiún Eorpach):
http://ec.europa.eu/education/policy/vocational-policy/index_ga.htm
http://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1146&langId=en
An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna:
http://www.cedefop.europa.eu/
An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna:
http://www.etf.europa.eu/web.nsf/pages/ETF-GA

Oifig na bhFoilseachán

ISBN:978-92-79-59469-4
doi:10.2767/67890

Grianghraif: © Belgaimage

Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghraf nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

© An tAontas Eorpach, 2016
Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a admháil.

*Printed in Belgium*

Arna chlóbhualadh ar pháipéar bán saor ó chlóirín eiliminteach (ECF)